



## Clár Spreagúil Drámaíochta

Tugtar cuireadh duit a bheith páirteach i n**Garraí an Ghiorria**, clár spreagúil dramaíochta atá **díríte ar dhrámadóirí gairmiúla Gaeltachta agus le Gaeilge**, a bhfuil fonn orthu castáil agus oibriú le healaíontóirí eile agus lena gcleachtais a roinnt, a phlé agus a fhorbairt. Beidh dhá ceardlann sainspéise faoi stiúir na sár-ealaíontóirí - **Michael Keegan Dolan**, Stiúrthóir Ealaíne an chomhlacht *Fabulous Beast*/Teac' Damsa agus tréimhse leis an gcompántas eisceachtúil ón Pholainn, ***Song of the Goat***. Fáiltimid roimh aisteoirí, scríbhneoirí, stiúrthóirí, damhsóirí, físealaíontóirí stáitse agus ceoltóirí isteach i nGarraí an nGhiorria.

Tá súil go spreagfaidh an clár sairse chruthaitheach i measc na rannpháirtithe mar aon le malartú smaointe, comhoibriú agus bealaí nua agus dúshlánach le cleachtais a fhorbairt. Is deis atá anseo d'fhorbairt pearsanta an ealaíontóra, le modhanna nuálacha drámaíochta a fhorbairt agus le deiseanna comhoibriú a thriail.

Is í Marianne Ní Chinnéide ó Lár Ionad Léiriúcháin agus Drámaíochta, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, áisitheoir ar an bpróiseas.

Tá líon na spásanna teoranta go dáréag agus beidh córas roghnúcháin i gceist. Is í an Ghaeilge príomh theanga oibre an togra seo agus cuirfear fáilte roimh ealaíontóirí stáitse le Gaeilge.

Beidh bia agus lóistín na rannpháirtithe clúdaithe agus beidh liúntas €100 in aghaidh an lae á hóc leis na rannpháirtithe. (€1,000 ina iomlán)

**Dátaí an togra:** Tréimhse cleachtais le *Song of The Goat* i nGaoth Dobhair 4 -7 Deireadh Fómhair agus le Michael Keegan Dolan i gCorca Dhuibhne 15 – 21 Deireadh Fómhair. Is gá bheith ar fáil don dtréimhse uilig.

\*Is togra straitéiseach do chuid Ealaín (na Gaeltachta) Teo. é Garraí an Ghiorria le borradh a chur faoi dhrámaíocht na Gaeilge agus tá sé a dhéanamh i gcomhair lena páirtnéirí, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Lár Ionad Léiriúcháin agus Drámaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá an togra maoinithe trí scéim ealaíon chomhoibritheach na Comhairle Ealaíon.



## Foirm léiriú Spéise: Garraí an Ghiorria

Dhá thréimhse de cheardlanna sainspéise.

- **Gaoth Dobhair:** 4- 7 Deireadh Fómhair leis an gcomhlacht amharclainne Song of The Goat ón Pholainn.
- **Corca Dhuibhne:** 15 -21 Deireadh Fómhair le Michael Keegan Dolan/Teac Damsa

<b>Ainm:</b>	
<b>Seoladh:</b>	
<b>r-phost</b>	
<b>Guthán</b>	
<b>Suíomh Idirlín</b>	

- Cén ghné den drámaíocht a chleachtann tú go príomha.
- Cén fáth gur mhaith leat páirt a ghlacadh sa togra seo?
- Céard é gur mhaith leat a bhaint amach as a bheith páirteach sa tréimhse cleachtais seo? Agus cén tionchar a mheasann tú go n-imreodh an togra seo ar do chleachtas?

- An mbeadh tú sásta comhoibriú ar saothair agus smaointe eile?
- An bhfuil aon duine/daoine eile faoi leith gur mhaith leat oibriú leo amach as seo.
- Cad é do leibhéal Gaeilge – dúchasach, líofa, foghlaimeoir le taithí maith, foghlaimeoir?

Sínithe: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

### CRÍTÉIR ROGHNAITHE

1. Is gá a bheith i d'ealaíontóir gairmiúil agus a bheith oscailte don phróiseas. Tá sé riachtanach a bheith ar fáil don tréimhse uilig.

Is é Michael Keegan Dolan ó Teac' Damhsa i gcomhar le painéal roghnúcháin ó pháirtnéirí an togra, a dhéanfaidh an cinneadh maidir le rannpháirtithe na ceardlanna.

Seol an fhoirm seo le do C.V chuig [ealain@udaras.ie](mailto:ealain@udaras.ie) tag Garraí an Ghorria roimh 5i.n Dé hAoine, 8 Meán Fómhair.

Cuirfead na rannpháirtithe roghnaithe ar an eolas faoin 18 Meán Fómhair

\*Is togra straitéiseach do chuid Ealaín (na Gaeltachta) Teo. é Garraí an Ghorria le borradh a chur faoi dhrámaíocht na Gaeilge agus tá sé a dhéanamh i gcomhair lenar páirtnéirí, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Lár Ionad Léiriúcháin agus Drámaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá an togra maoinithe trí scéim ealaíon chomhoibritheach na Comhairle Ealaíon.

